11. SEÁN NA nGABHAR

Bhí fear anseo fadó agus ‘sé an t-ainm a bhí air ná Seán na nGabhar mar do bhíodh sé ag dul i ngach uile áit i bhfeighil na ngabhar.

Maidin amháin rug sé ar breac sa tobar. D’iarr an breac air é a scaoileadh saor agus go dtabharfadh sé geallúint dó. Aon rud a bhí uaidh gheobhadh sé é ar bhrí an bhric.

Scaoil sé saor an breac.

Ag gabháil thar teach mór dó chonaic sé bean uasal ag gáire agus ag magadh faoi agus é ag marcaíocht a ghabhar droim ar ais. Nuair a chuala sé an masla uaithi ‘sé arsa Seán, ‘Iarraimse ar Dhia agus ar bhrí mo bhric gurb é sin an gáire a dhéanfaidh trom tusa’.

Tharla go raibh sí torthach le leanbh. D’admhaigh sí dá hathair nach raibh fhios aici conas gur mar sin a bhí sí nó cérbh é athair an linbh. Nuair a rugadh an leanbh chomhairligh draoi do fir na háite teacht i gcomhluadar agus pé duine díobh a bhronnfadh an leanbh úll air gurb eisean an t-athair. Bronnadh an t-úll ar Seán.

Chuireadh Seán, an cailín óg agus an leanbh istigh i mbosca agus seoladh amach ar farraige iad amach go hOileán na gCaorach. Bhuail siad le oileánach a shanntaigh an bhean óg dó féin. Rinneadh margadh eatarthu agus shocraíodh ar an bhean a thabhairt don oileánach dá n-éireodh leis codladh sa leaba céanna léi trí oíche as a chéile. Mura n-éireodh leis ba le Seán d’fhanfadh sí.

Céad oíche

Nuair a bhí sé ag cur an glas ar an doras d’impigh Seán ar bhrí a bhric go gcaithfeadh sé an oíche ar fad ag iarraidh an beart sin a dhéanamh.

Dara oíche

Ar bhrí a bhric arís ghuigh Seán go gcaithfeadh sé an oíche ar fad ag iarraidh na géanna a chur i scioból

Tríú oíche

Ghuigh Seán arís ar bhrí a bhric go gcaithfeadh sé an oíche seo ar fad ag nigh é féin

Mar thoradh ar trí oíche a bheith caite ag an t-oileánach gan an bhean ina chuideachta ghéill sé don sochrú agus d’admhaigh go raibh buaite air. Amach ar an bhfarraige arís leo agus d’fhill Seán ar teach a mháthar agus a chlann nua leis

Téamaí

- Gliceas an amadánaíochta
- An chumhacht draoichtúil atá ag ainmhithe
- Buann an chiall ar neart.
- Eachtra dodhéanta agus dochreidte